# AN LIA-BHIÚRÓ UM SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2017

AN LIA-BHIÚRÓ UM SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE, IONAD NA nEOLAÍOCHTAÍ SLÁINTE,
AN COLÁISTE OLLSCOILE, BAILE ÁTHA CLIATH, BELFIELD, BAILE ÁTHA CLIATH 4

# CLÁR NA nÁBHAR


**Intreoir an Stiúrthóra** ........ 3

**Misean** ........ 5

**Feidhmeanna an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre** ........ 6

**Éachtaí agus Forbairtí** ........ 10

**Samplaí a Fuarthas le haghaidh Anailíse** ........ 12

**An Clár Alcóil: Fuil agus Fual** ........ 14

**An Clár Alcóil: Anáil** ........ 22

**An Clár Tocsaineolaíochta** ........ 29

**Dearbhú Cáilíochta** ........ 38

**An Clár Tástáil Oilteachta** ........ 39

**Faisnéis Airgeadais** ........ 41

**Rialú Corparáideach** ........ 41

**Ráiteas ar Rialú Inmheánach** ........ 42

**Saoráil Faisnéise** ........ 47

**An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí** ........ 47

**An Fhoireann** ........ 47

**Cairt Eagraíochtúil an Lia-Bhiúró** ........ 48

**Comhdhálacha, Oiliúint agus Cuir i Láthair ag Seimineáir** ........ 49

**Caitheamh Fuinnimh** ........ 51

**Séanadh Dlí** ........ 51

# INTREOIR AN STIÚRTHÓRA

Tá achoimre sa Tuarascáil Bhliantúil seo ar ghníomhaíochtaí agus ar fheidhmíocht an Bhiúró. Chomh maith leis sin, tá sonraí tábhachtacha, ábhartha ann a bhaineann le tiomáint faoi thionchar an óil agus drugaí agus faoi ról tábhachtach an Bhiúró sa Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre 2013 – 2020.

Is é 10,482 líon iomlán na samplaí a ndearnadh anailís orthu maidir le halcól i bhfuil, i bhfual agus in anáil agus maidir le drugaí i bhfuil agus i bhfual in 2017. Ba mhéadú suntasach é sin ar líon na n-anailísí i gcomparáid le 2016. As na drugaí uile, alcól is mó a bhíonn á chaitheamh agus is údar contúirte é sin ar na bóithre. 156mg/ml an meánmhéid alcóil a fuarthas i samplaí fola a ndearnadh anailís orthu in 2017; 181mg/100ml an meánmhéid a fuarthas i bhfual agus 45µg/100ml an meánmhéid a fuarthas in anáil. Is iad cannabas agus beinisdhé-asaipín an chéad dá dhruga eile ba mhó ar thángthas orthu sna hanailísí. Mar is gnách, tiománaithe fireanna óga an grúpa is mó a bhfuarthas drugaí ina gcuid samplaí nuair a rinneadh anailís orthu.

Bhí cur i bhfeidhm an Achta um Thrácht ar Bhóithre ar cheann de na tascanna ba mhó ar tugadh fúthu agus a cuireadh i gcrích in 2017. Tugadh gléasanna réamhthástála drugaí don Gharda Síochána le húsáid ar thaobh an bhóthair agus in 86 stáisiún Gardaí ar fud na tíre. Tá leibhéil nua tiúchana i bhfuil maidir le cannabas, cócaon agus hearóin i bhfeidhm agus mar gheall air sin bhí méadú suntasach ar líon na samplaí a ndearnadh anailís orthu i dtaca le drugaí. Tá an Biúró creidiúnaithe le tástálacha áirithe a dhéanamh agus cuireadh dhá chatagóir leo: anailísí deimhniúcháin cannabais, cócaoin agus hearóine, agus tástáil drugaí i sreabhán béil. Cuireadh tacaíocht ar fáil, i bhfoirm oiliúna agus faisnéise, don Gharda Síochána, do na Seirbhísí Ionchúisimh agus do bhreithniúna, dochtúirí agus poitigéirí faoi réamhthástáil drugaí agus faoi thiomáint faoi thionchar drugaí.

Maidir le réamhthástáil anála, bhí an próiseas chun gléasanna uasdátaithe a fháil agus a thástáil chóir a bheith tugtha chun críche faoi dheireadh 2017 agus bhíothas ag súil go mbeidís in úsáid in 2018.

Rinne forais éagsúla athbhreithnithe eisceachtúla ar chuid de na réamhthástálacha anála a rinne Gardaí ar thaobh an bhóthair le haghaidh alcóil ag dul chomh fada siar le 2010; thug an Biúró cuidiú do na forais ina gcuid athbhreithnithe. Thug an Biúró eolas d'eagrais agus do ghrúpaí éagsúla faoin mbeart tábhachtach seo a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre agus faoi fhorfheidhmiú ag na Gardaí. Bhíothas ag iarraidh cur lena dtuisicint ar an dá cheist agus cuidiú leo iad a mheasúnú. Is iad seo a leanas na heagrais agus na grúpaí a bhí i gceist: an Garda Síochána, an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, an tÚdarás Póilíneachta, comhaltaí de chuid an Oireachtais agus Coistí Oireachtais agus na meáin chumarsáide.

Mar gheall ar an méadú ar líon na samplaí a ndearnadh anailís orthu agus ar an oiread faisnéise agus sonraí atá le baint as na torthaí, tá an Tuarascáil Bhliantúil seo níos leithne agus níos fairsinge ó thaobh an eolais atá curtha ar fáil i bhfoirm ghrafach faoi alcól agus drugaí araon. Cuirfear tuilleadh eolais arís ar fáil in 2018.

Tá an Biúró tosaithe cheana féin ar a bheith ag ullmhú faoi choinne ceiliúrtha a bheidh ann in 2018 ar 50 bliain ó bunaíodh an Biúró. Táthar ag dréim go mbeidh imeacht speisialta taighde agus acadúlachta ann chun an chloch mhíle thábhachtach seo a chomóradh.

An tOllamh Denis A. Cusack
**An Stiúrthóir**

**RÁITEAS MISIN:**

*"Seirbhís ardcháilíochta náisiúnta fhóiréinseach a chur ar fáil maidir le brath alcóil agus drugaí chun tacú le cur i bhfeidhm reachtaíochta a bhaineann le trácht ar bhóithre go héifeachtach agus chun cur le bearta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre agus corpacmhainn chun tiomáint."*



# FEIDHMEANNA AN LIA-BHIÚRÓ UM SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE

Is é an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre atá freagrach as tástáil cheimiceach a dhéanamh maidir le halcól agus drugaí i gcomhthéacs na tiomána in Éirinn. Is foras corparáideach é a bhunaigh an tAire Rialtais Áitiúil i 1968 faoi Chuid V den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1968. Athraíodh teideal an Aire go dtí an tAire Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil ar an 22 Iúil 1997. I mí Mheithimh 2002, tháinig an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre faoi choimirce an Aire Iompair faoin Ordú um Aistriú Feidhmeanna Riaracháin agus Aireachta Ranna, 2002.

Tá an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre faoi choimirce na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ó bhí 2011 ann. Tá feidhmeanna an Bhiúró leagtha amach sna hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre 1968 – 2016.




Nuair a bunaíodh an Biúró i 1968, chuir sé tús leis na feidhmeanna seo a leanas: Tástáil le haghaidh Alcóil ar Thaobh an Bhóthair, Anailís Alcóil i bhFuil agus i bhFual, Eisiúint Teastas agus soláthar trealaimh chun samplaí a ghlacadh.

Tá cuid mhór athruithe tagtha ar an reachtaíocht ó shin, mar shampla: tástáil fhianaiseach anála le haghaidh alcóil a bheith tugtha isteach, tiomáint faoi thionchar drugaí, samplaí a sholáthar in ospidéil, samplaí a ghlacadh ó thiománaithe a bhí i dtimpistí agus tástáil éigeantach le haghaidh alcóil. Is é an t-athrú is déanaí gur tugadh isteach leis an Acht um Thrácht ar Bhóithre, 2016 Réamhthástáil le haghaidh Drugaí agus Tástáil Sreabháin Bhéil le haghaidh Drugaí, deimhniú tiúchán druga nó drugaí san áireamh.

Bhí ar an mBiúró gach gné dá chuid oibre a leathnú agus a fhorbairt thar na blianta agus díriú san am céanna ar na freagrachtaí atá air sa dlí de réir mar atá siad leagtha amach sna hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre (na hAchtanna) agus de réir Straitéis an Rialtais um Shábháilteacht ar Bhóithre.

Faoi láthair, tá roinnt clár agus seirbhísí éagsúla i bhfeidhm ag an mBiúró. Is iad:

- **Anailís Fola agus Fuail le haghaidh Alcóil**
- **Anailís Anála le haghaidh Alcóil**
- **Anailís Fola agus Fuail le haghaidh Drugaí**
- **Tástáil Sreabháin Bhéil le haghaidh Drugaí**
- **Taighde – Tiomáint faoi thionchar Alcóil agus Drugaí**
- **Finnéacht Shaineolach Ghairmiúil**
- **Corparáireach agus Airgeadas**
- **Dearbhú Cáilíochta**

Bíonn an Biúró ag coinneáil suas ar bhonn leanúnach le forbairtí teicneolaíochta agus bíonn na modhanna anailíse is fearr in úsáid aige. Tá sé eolach ar an nuálaíocht i dtaca le gléasanna brathadóireachta alcóil agus drugaí, sa tsaotharlann agus taobh amuigh di araon – ar thaobh an bhóthair agus i stáisiúin Gardaí.

Cuireann an Biúró seirbhís ar fáil do na heagrais agus grúpaí seo a leanas: an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, na Cúirteanna, an Garda Síochána, dlíodóirí cosanta, dlíodóirí ionchúisimh agus an pobal.

Tá baill foirne an Bhiúró an-oilte, rud a chuireann go mór lena hoibríochtaí an eagrais. Tá an Stiúrthóir freagrach as an mBiúró a rith ó lá go lá. Tá an Príomh-Anailísí freagrach as na saotharlanna agus as na cláir a bhaineann leo a rith ó lá go lá. Tá bainisteoir cláir ar gach clár agus iad ag obair ar leibhéal Ard-Anailísí. Tá an Riarthóir Sinsearach freagrach as an gclár Corparáideach/Airgeadais agus as riarachán foriomlán an Bhiúró. Tá Bainisteoir Cáilíochta ceaptha ag an mBiúró freisin.

(féach an chairt eagraíochtúil ar leathanach 44)

# Éachtaí agus Forbairtí Suntasacha in 2017

## Réamhthástáil le haghaidh Drugaí

Ar an 13 Aibreán 2017 a cuireadh na codanna ábhartha den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 2016 i bhfeidhm, rud a d'fhág go raibh tástáil le haghaidh drugaí á déanamh ar thiománaithe ar thaobh an bhóthair den chéad uair riamh in Éirinn. Chuir an Biúró 86 gléas réamhthástála drugaí i stáisiúin Gardaí ar fud na tíre agus cuireadh 50 gléas eile soghluaiste ar fáil. Lean an Grúpa Feidhmithe um Réamhthástáil Drugaí lena dteagmháil leis na Gardaí i rith na bliana agus cuireadh athainm air, an Grúpa Athbhreithnithe um Réamhthástáil Drugaí, i ndiaidh gur cuireadh an réamhthástáil i bhfeidhm.

## Réamhthástáil Saotharlainne le haghaidh Drugaí

Lean an Biúró lena chuid oibre chun modh nua Réamhscagtha Drugaí a fhorbairt a úsáideann LC-MS-MS le hanailís a dhéanamh ar dhrugaí; tá an modh seo ag teacht in áit an chóras imdhíonmheasúnachta atá in úsáid faoi láthair.

## Tástáil Deimhniúcháin le haghaidh Drugaí

D'athraigh an Biúró a mhodhanna tástála chun go mbeadh siad ag teacht leis na leibhéil *per-se* a tugadh isteach le túsú an Achta um Thrácht ar Bhóithre, 2016. Tosaíodh ar an tástáil deimhniúcháin uile fola a dhéanamh go hinmheánach in Aibreán 2017.

## Réamhthástáil Anála le haghaidh Alcóil

Chuir an Biúró tús le próiseas fála maidir le gléasanna tástála anála ar thaobh an bhóthair a mbeidh feidhmiúlacht bhreise iontu a bheidh níos fóirsteanaí do riachtanais an Gharda Síochána. Cuireadh an bunphróiseas fála i gcrích i mí na Nollag 2017 agus bhíothas le conradh a bhronnadh go luath in 2018.

## Dearbhú Cáilíochta

Coinníodh creidiúint ISO 17025 in 2017 maidir leis na tástálacha seo a leanas:

- Anailís Alcóil i bhFuil agus i bhFual
- Tástáil Fhianaiseach Anála
- Réamhthástáil Anála
- Réamhscagadh Saotharlainne Drugaí
- Deimhniú Cannabais i bhFuil agus i bhFual
- Deimhniú Beinsidhé-asaipín i bhFuil agus i bhFual

De réir gnáthaimh a fhágann go bhfuil an raon tástálacha creidiúnaithe solúbtha, cuireadh tástáil le haghaidh drugaí i sreabhán béil leis an raon acu i ndiaidh measúnú iomlán de chuid Bhord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú.

Leathnaíodh an raon tástálacha in 2017 i ndiaidh don Bhord um Chreidiúnú measúnú a dhéanamh chun gléasanna réamhthástála le haghaidh drugaí agus tástáil STK (an chuid inchaite den chóras tástála drugaí) ar thaobh an bhóthair agus i stáisiúin Gardaí a chuimsiú.

## Sláinte agus Sábháilteacht

Lean an Biúró le monatóireacht ar gach gné de chúrsaí sláinte agus sábháilteachta i rith 2017 agus ní raibh aon eachtraí intuairiscithe ná suntasacha ann an bhliain sin.

## Comhroinnt agus Forbairt Eolais

Thug baill foirne agus Stiúrthóir an Bhiúró cainteanna, d'fhreastail siad ar chuid mhór comhdhálacha agus cruinnithe agus bhí siad páirteach i ngrúpaí oibre a bhain le hobair an Bhiúró. D'óstaigh an Biúró grúpaí ó ghníomhaireachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta eile agus é mar aidhm ag na páirtithe uile eolas agus saineolas a chomhroinnt lena chéile.

D'óstaigh an Biúró roinnt daltaí meánscoile idirbhliana, seachtain an duine.

Tá baill foirne de chuid an Bhiúró páirteach i ngrúpa úsáideoirí LIMS; tá foirne saotharlann poiblí agus saotharlann eile de chuid na státseirbhíse páirteach ann freisin. D'óstaigh an Biúró cuid de na cruinnithe sin in 2017.

## Seimineáir faoi choinne Gardaí

Reáchtáil baill shinsearacha foirne de chuid an Bhiúró seimineáir éagsúla faoi choinne grúpaí Gardaí de réir mar a bhí gá leo le linn 2017.

## An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí

Rinneadh cur i láthair in 2017 chun an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí a chur ar eolas faoi ról an Bhiúró agus faoin teicneolaíocht atá in úsáid maidir leis an Acht um Thrácht ar Bhóithre, 2016 agus faoi thástáil sreabháin bhéil agus tástáil leibhéil fola *per se* ar thaobh an bhóthair/i stáisiúin Gardaí le haghaidh drugaí.

# SAMPLAÍ A FUARTHAS SA tSAOTHARLANN LE hAGHAIDH ANAILÍSE

In 2017, rinneadh anailís ar 3,386 sampla fola agus fuail maidir le alcól agus/nó drugaí.


Bhí athrú suntasach ar líon na samplaí a tástáladh le haghaidh drugaí mar gheall ar thabhairt isteach Réamhthástála Drugaí (tástáil le haghaidh drugaí i sreabhán béil).

**Tábla 1**


**An Líon Iomlán Samplaí a Fuarthas de réir Cláir**

| Clár | 2017 | 2016 | Méadú |
|---|---|---|---|
| **Alcól i bhFuil agus i bhFual** | 3,386 | 3,019 | 12% |
| **Tocsaineolaíocht Fola agus Fuail** | 1,592 | 1,133 | 40% |
| **Tástáil Fhianaiseach Anála** | 5,512 | 4,988 | 11% |

**Cairt 1**



# Samplaí Fola agus Fuail



# AN CLÁR ALCÓIL: Fuil agus Fual

I mí Aibreáin 2017, ceapadh Ard-Anailísí nua, Louise Lawlor, mar cheann ar an gClár Alcóil. Cuireadh an Clár um Alcóil i bhFuil agus i bhFual isteach leis an gClár Alcóil in Anáil chun aon chlár amháin a dhéanamh díobh, an Clár Alcóil. Tháinig feabhas ar éifeachtúlacht mar thoradh ar bhaill foirne agus áiseanna a bheith tugtha le chéile in aon fhoireann amháin.

Is iad seo a leanas príomhfheidhmeanna an Chlár Fola agus Fuail:

- Samplaí fola agus samplaí fuail a chuirtear chuig an mBiúró a ghlacadh agus anailís a dhéanamh orthu
- An tiúchan alcóil i samplaí fola agus i samplaí fuail a dheimhniú
- Teastais Anailíse a eisiúint
- Samplaí lochtacha a thástáil
- Saineolas a chur ar fáil do na Cúirteanna agus don Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt
- Sonraí faoi thástálacha le haghaidh alcóil a bhailiú agus anailís a dhéanamh orthu






## Trealamh le Samplaí Fola agus Samplaí Fuail a Sholáthar

Ullmhaíodh 6,900 tacar de threalamh samplála agus eisíodh 6,999 tacar in 2017 (féach Táblaí 2 agus 3). Ba mhéadú é sin le hais na bliana roimhe sin. Rinneadh amhlaidh chun ullmhú faoi choinne an athraithe ar reachtaíocht faoi thrácht ar bhóithre agus le haghaidh an mhéadaithe ionchasaigh a bhainfeadh leis an riachtanas fuil a sholáthar i gcásanna tiomá faoi thionchar drugaí.

**Tábla 2**

**Trealamh Ullmhaithe sa Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre**

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| TREALAMH FOLA | 3,700 | 3,100 |
| TREALAMH FUAIL | 3,200 | 2,700 |
| CRÚISCÍNÍ | 2,900 | 2,800 |

**Tábla 3**

**Trealamh tugtha don Gharda Síochána**

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| TREALAMH FOLA | 3,800 | 3,200 |
| TREALAMH FUAIL | 3,199 | 2,500 |
| CRÚISCÍNÍ | 3,300 | 2,600 |

Choinnigh an Biúró soláthar teagmhasach de gach cineál trealaimh ar feadh na bliana, 500 tacar ar a laghad de gach cineál trealaimh.

## Anailís Alcóil i bhFuil agus i bhFual

Déantar anailís ar shampla folaí agus ar shamplaí fuail le Crómatagrafaíocht Gháis Spáis Uachtaraigh agus Brathadóireacht Ianúcháin Lasrach (HSGC-FID). Déantar anailís faoi dhó ar a laghad ar gach sampla; is beirt eolaithe difriúla a dhéanann na hanailísí agus úsáideann siad dhá chóras éagsúla HSGC-FID. Caithfidh torthaí na n-anailísí a bheith ag teacht le chéile sular féidir Teastas Anailíse a eisiúint.

Fuarthas 3,386 sampla fola agus fuail in 2017 chun go ndéanfaí anailís orthu. Fuarthas cúig shampla faoi choinne tástáil le haghaidh drugaí amháin, mar bhí tástáil le haghaidh alcóil déanta cheana féin le gléas tástála fianaisí anála orthu. Níor eisíodh teastais in 95 cás (2.8%) mar gheall ar locht éigin a bheith ar an sampla nó sa cháipéisíocht a ghabh leis an sampla. Ba mhéadú beag le hais 2016 leibhéal na “neamheisiúna”. Mhéadaigh an líon samplaí fola agus samplaí fuail a fuarthas in 2017 12% le hais 2016.

## Líon na Samplaí a Soláthraíodh in Ospidéil

Soláthraíodh 524 sampla in ospidéil in 2017. Is ionann é sin agus 15.5% de líon iomlán na samplaí fola agus fuail.

## Tiománaithe Neamhaireachtálacha

In 2017, cuireadh sé shampla d'fhuil a tarraingíodh ó thiománaithe neamhaireachtálacha ar aghaidh chuig an mBiúró faoi choinne anailíse.

## An Leibhéal Meánach Alcóil i bhFuil agus i bhFual


156mg/100ml an leibhéal meánach alcóil i bhfuil agus 181mg/100ml an leibhéal meánach i bhfual in 2017. Níl samplaí nach raibh aon rian den alcól iontu san áireamh sna figiúirí sin.

422mg/100ml an t-uasleibhéal alcóil a fuarthas i bhfuil in 2017, agus 438mg/100ml an t-uasleibhéal a fuarthas i bhfual.

## Anailís ar Am

Ba dhóichí gur idir an tráthnóna agus uaireanta luatha na maidine a soláthraíodh samplaí fola agus fuail, mar is léir ón gcairt thíos.


**Cairt 2**




## Anailís de réir Lae

Léiríonn an chairt thíos go soláthraítear níos mó samplaí Dé Sathairn, Dé Domhnaigh agus Dé Luain ná aon lá eile. Bíonn tionchar ag an am a chuirtear samplaí ar fáil ar na figiúirí seo freisin, áfach. Mar shampla, d'fhéadfadh sé gur luath maidin Dé Luain atá i gceist le cuid de na leibhéil atá léirithe don lá áirithe sin.

**Cairt 3**




## Anailís de réir Inscne

Bhí patrún comhchosúil le sonrú in 2017 ó thaobh an chóimheasa fireann/baineann le hais blianta roimhe sin. Bhain 82% de na samplaí a bhí curtha ar fáil ag tiománaithe le fir.

**Tábla 4**


**Próifíl Inscne na Samplaí a Fuarthas – Fuil agus Fual**

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| FIREANN | 82% | 80% |
| BAINEANN | 18% | 19% |
| NÍ FIOS | 0% | 1% |

## Próifíl Aoise

Tá próifíl aoise na dtiománaithe a sholáthair samplaí fola agus samplaí fuail suntasach. Baineann an céatadán is mó de thiománaithe a gabhadh leis an gcatagóir aoise 25-34 bliana. Tá líon suntasach tiománaithe sna catagóirí aoise ≤24 agus 35-44 freisin.


**Cairt 4**




## Próifíl Aoise de réir Inscne

Nuair a dhéantar iad a rangú de réir inscne, tá difear sa treocht idir tiománaithe fireanna agus tiománaithe baineanna. Is tiománaithe 25-35 bliain d'aois an grúpa is mó i dtaca le fir, agus is tiománaithe 35-44 bliain d'aois an grúpa is mó maidir le mná.

**Cairt 5**





## Breis agus Dhá Oiread os cionn na hUasteorann 50mg/100ml** (Fuil) nó 67mg/100ml** (Fual)

Rinneadh 1,559 sampla a dheimhniú in 2017 a bhí dhá oiread nó níos mó os cionn na n-uasteorainneacha. Is ionann an figiúir sin agus 46% de líon iomlán na samplaí a deimhníodh. Laghdú beag 1.7% atá ann le hais 2016.

*** Is tábhachtach a thuiscint nach bhfaigheann an Biúró sonraí faoi rangú na dtiománaithe nuair a fhaigheann siad samplaí le tástáil; .i. Tiománaithe Lán-Cheadúnaithe seachas Tiománaithe Gairmiúla, Foghlaimeoirí agus Tiománaithe Nua, a mbaineann uasteorainneacha dleathacha níos ísle leo.*


Taispeánann Cairt 6 agus 7 cion na dtiománaithe sna bandaí éagsúla maidir le fuil agus fual, faoi seach.

**Cairt 6**




| | Nialas | <20 | 21-50 | 51-80 | 81-100 | 101-150 | 151-200 | >200 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 2016 | 27% | 1% | 4% | 6% | 4% | 17% | 19% | 22% |
| 2017 | 39% | 1% | 4% | 5% | 4% | 13% | 15% | 19% |

**Cairt 7**




| | Nialas | <27 | 28-67 | 68-107 | 108-135 | 136-200 | 201-267 | >268 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 2016 | 29% | 1% | 6% | 8% | 6% | 16% | 19% | 15% |
| 2017 | 28% | 2% | 6% | 9% | 6% | 17% | 19% | 12% |

# AN CLÁR ALCÓIL: ANÁIL

Is iad seo a leanas príomhfheidhmeanna an Chláir um Alcól in Anáil:

- Fearas le láithreacht alcóil in anáil (gléasanna réamhthástála anála ar thaobh an bhóthair) a fhaomhadh, a sholáthar agus a thástáil
- Fearas le tiúchan alcóil san anáil a dheimhniú (gléasanna tástála fianaisí anála) a fhaomhadh, a sholáthar agus a thástáil
- Sainchuidiú a thabhairt do na Cúirteanna agus don Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.
- Cúrsaí oiliúna a sholáthar do Oibritheoirí agus do Mhaoir EvidenzerIRL.
- Sonraí maidir le tástálacha fianaisí anála le haghaidh alcóil a bhailiú agus anailís a dhéanamh orthu.





## Tástáil Anála le haghaidh Alcóil ar Thaobh an Bhóthair

Lean an Biúró lena bheith ag tabhairt tacaíochta maidir le tuairim is 1,100 gléas leictreonach Draeger 6510 a tugadh don Gharda Síochána in thart ar 373 stáisiún Gardaí ar fud na tíre.

Rinneadh seiceáil ar 1,029 gléas in 2017 agus atheisíodh iad.

Tá dáileadh gléasanna tástála anála le haghaidh halcóil ar thaobh an bhóthair léirithe sa léarscáil thíos.





## Gairm ar Thairiscintí

I gcomhar le Rannóg Soláthair an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, an Oifig Soláthair Rialtais agus an Rannóg Soláthair Oideachais in Ollscoil Luimnigh, rinne an Biúró gairm ar thairiscintí in 2017 chun Gléasanna Scagtha Alcóil in Anáil ar Thaobh an Bhóthair a sholáthar. Bhí na gléasanna nua le tabhairt isteach mar uasghrádú ar na gléasanna Draeger 6510, mar bhí tacaíocht do na gléasanna níos sine srianta agus bhí áiseanna GPS agus íoslódála sonraí ar fáil ar na leaganacha níos nua-aimseartha. Bhí cuid de na gléasanna 6510 a bhí in úsáid breis agus 10 mbliana d'aois. D'fhreagair ceithre sholáthróir an ghairm agus gheall siad go gcuirfidís trí ghléas san iomlán ar fáil le haghaidh a measúnaithe. Cuireadh an tástáil i gcrích i mí na Samhna 2017 agus bronnadh an conradh nua go luath in 2018.

## Tástáil Fhianaiseach Anála le haghaidh Alcóil

Lean an Biúró le tacaíocht a thabhairt i dtaca le 86 gléas i stáisiúin Gardaí ar fud na hÉireann agus lean sé lena gcothabháil freisin.




## Trealamh

In 2017, chuathas i mbun cláir chun rialtáin gháis nua a thabhairt isteach in áit an tseanchinn i ngach ceann de na 86 stáisiún Gardaí. Tá an próiseas seo le tabhairt i gcrích faoi dheireadh 2018. Rinneadh an obair chuí in 22 stáisiún in 2017.

## Traenáil agus Measúnú

Lean an Biúró de bheith ag cur cúrsa oiliúna ar fáil, i gcomhar leis an nGarda Síochána, faoi choinne Oibritheoirí agus Maoirseoirí. Cúrsa oiliúna lá go leith atá i gceist a ceapadh le hOibritheoirí agus Maoirseoirí sna Gardaí a oiliúint chun úsáid a bhaint as an ngléas EvidenzerIRL. Reáchtáladh na cúrsaí oiliúna seo a leanas in 2017:

- 7 gcúrsa oiliúna le haghaidh Oibritheoirí/Maoirseoirí

Cuireadh 131 Garda faoi oiliúint Oibritheora, ina measc 65 a fuair oiliúint Mhaoirseora.

## Tástáil agus Cuairteanna ar Stáisiúin Gardaí

In 2017, thug eolaithe ón mBiúró dhá chuairt ar a laghad ar gach gléas a bhí curtha i stáisiúin Gardaí roimhe sin agus rinne siad tástáil ar gach gléas acu. Bhí 202 cuairt i gceist san iomlán (202 in 2016 freisin). Bhí tástáil agus cothabháil i gceist leis na cuairteanna seo, atá riachtanach chun cáilíocht torthaí tástálacha anála le haghaidh alcóil chun críocha fianaiseacha a dhearbhú.

**Tábla 5**

**Leibhéil Dheimhnithe Alcóil in Anáil, 2017**

| µg alcóil in aghaidh an 100ml anála | 2017 | | 2016 | |
|---|---|---|---|---|
| | Líon | (%) | Líon | (%) |
| Nialas | 30 | 1% | 29 | 1% |
| <= 9 | 320 | 5% | 249 | 5% |
| 10 – 22 | 914 | 17% | 703 | 14% |
| 23 – 35 | 941 | 17% | 796 | 16% |
| 36 – 44 | 567 | 10% | 534 | 11% |
| 45 – 66 | 1,326 | 24% | 1,230 | 24% |
| 67 agus os a chionn | 1,414 | 26% | 1,447 | 29% |

## Anailís Anála i dtaca le hAlcól

In 2017, tugadh 6,271 tiománaí go stáisiúin Gardaí chun go gcuirfidís samplaí anála ar fáil le go ndéanfaí anailís orthu i dtaca le halcól. In 2.4% de na cásanna seo, thug EvidenzerIRL le fios go raibh cúis éigin ann nach bhféadfaí teastas a eisiúint de réir Alt 13, mar shampla mar gheall ar chosaintí mar alcól béil nó difear san anáil. Maidir leis an 6,119 cás eile, theip ar 10% de na tiománaithe samplaí anála a thabhairt nó dhiúltaigh siad déanamh amhlaidh. Eisíodh 5,512 teastas Alt 13.

## Dhá Oiread na hUasteorann, 22 µg /100ml** (Anáil)

Bhí 50% de na samplaí anála a soláthraíodh níos mó ná dhá oiread na huasteorann seo.

**(*Is tábhachtach a thuiscint nach bhfaigheann an Biúró sonraí faoi rangú tiománaithe nuair a fhaigheann sé samplaí le tástáil; .i. Tiománaithe Lán-Cheadúnaithe seachas Tiománaithe Gairmiúla, Foghlaimeoirí agus Tiománaithe Nua, arb é 9 µg an teorainn dhleathach ina leith.*)


## An Meánleibhéal Alcóil in Anáil

Ba é 45µg/100ml an meánleibhéal alcóil in anáil in 2017, samplaí anála a raibh toradh nialais alcóil leo as an áireamh.

## Anailís Ama

As líon iomlán na samplaí bailí anála (5.512), soláthraíodh 69% acu idir 9.00 p.m. agus 6.00 a.m., 14% acu idir 4.00 p.m. agus 9.00 a.m., agus an 17% eile idir 6.00 a.m. agus 4.00 p.m.

**Cairt 8**



## Inscne agus Samplaí Tástálacha Fianaiseacha Anála


Tá líon na dtiománaithe fireanna a mbíonn orthu sampla anála a sholáthar i bhfad níos mó ná líon na dtiománaithe baineanna; 6:1 an cóimheas fireann le baineann.

**Tábla 6**
**Próifíl Inscne na Samplaí Anála a Soláthraíodh**


| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| FIREANN | 86% | 88% |
| BAINEANN | 14% | 12% |

Tá próifíl aoise na dtiománaithe le feiceáil in Cairt 10 agus tá an phróifíl aoise briste síos de réir inscne léirithe in Cairt 9.

**Cairt 9**



**Cairt 10**




Ba í 25-34 bliain d'aois an chatagóir aoise ba mhó; 30% an figiúir cuí. Bhí 48% acu siúd idir 25 agus 29 bliain d'aois.


# AN CLÁR TOCSAINEOLAÍOCHTA


Is é an Dr Richard Maguire, Ard-Anailísí, atá i gceannas ar an gclár seo. Ba iad seo a leanas príomhfheidheanna an chláir in 2017:


- Anailís a dhéanamh ar shamplaí fola agus ar shamplaí fuail le láithreacht drugaí agus/nó a dtiúchan a dheimhniú.
- Teastais Anailíse a eisiúint maidir le láithreacht agus/nó tiúchan druga nó drugaí.
- Gléasanna Réamhthástála le haghaidh Drugaí (sreabhán béil) agus na codanna inchaite a sholáthar/a chothabháil.
- Modhanna nua tástála le haghaidh drugaí a fhorbairt.
- Sainchuidiú a thabhairt do na Cúirteanna agus don Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.
- Sonraí maidir le tástálacha tocsaineolaíochta a bhailiú agus anailís a dhéanamh orthu.
- Taighde ar dhrugaí a lagaíonn céadfaí tiománaithe.

## Tástáil ar Thaobh an Bhóthair / i Stáisiúin


Nuair a achtaíodh an tAcht um Thrácht ar Bhóithre, 2016, bhíothas in ann tástáil sreabháin bhéil le haghaidh drugaí ar thaobh an bhóthair agus i stáisiúin Gardaí a thabhairt isteach. Chun na críche sin, rinne an Biúró faomhadh, soláthar agus tástáil córas tástála sreabháin bhéil le haghaidh drugaí Draeger 5000 a bhainistiú. Chuir an Biúró oiliúint chuimsitheach ar fáil ar leibhéal oiliúnaí dheimhnithe do 72 ball den Gharda Síochána chun an DT5000 a oibriú. Tá an córas (féach an pictiúr thíos) comhdhéanta de anailíseoir agus caisín nó STK. Bíonn an STK in úsáid leis an sampla a bhailiú agus tá an chomhpháirt anailíseach den chóras mar chuid de. Cuirtear an caisín san anailíseoir nuair a ghlactar sampla sreabháin bhéil. Glacann sé tuairim is nóiméad amháin chun sampla a bhailiú agus 8 nóiméad eile go bhforbraíonn an tástáil agus go dtugann an t-anailíseoir tuairisc maidir le toradh dearfach nó diúltach don Oibritheoir.








Tá an t-anailíseoir in ann caitheamh cannabais, cócaoin, codlaidínigh agus beinsidhé-asaipín a bhrath. Cuireadh 50 anailíseoir ar fáil le haghaidh úsáid mhóibíleach agus baineadh úsáid as 47 acu. Cuireadh 86 ceann eile ar fáil le húsáid i stáisiúin Gardaí. Léiríonn an mapa thíos na háiteanna inar úsáideadh anailíseoirí móibíleacha agus cinn i stáisiúin.




Cheannaigh an Biúró 21,000 STK inchaite le húsáid in 2017 agus 2018. Rinne an Biúró bainistiú freisin ar thástáil i dtaca le dearbhú cáilíochta comhpháirt an chaisín sa chóras seo agus rinne sé tástálacha

feidhmíochta tuairim is gach sé mhí ar gach anailíseoir lena chinntiú go raibh siad ag oibriú mar is ceart. Bhí an Biúró sásta le feidhmíocht an DT5000 in 2017 agus déanfaidh sé monatóireacht leanúnach ar a fheidhmíocht.

Bailíodh sonraí faoi líon na dtástálacha a rinneadh leis na hanailíseoirí a bhí ar fáil don Gharda Síochána i ndiaidh na chéad sé mhí díobh a bheith in úsáid. Tá athbhreithniú 12 mhí beartaithe i mí na Bealtaine 2018. Tugtar ar aird, áfach, nach tomhas de ghníomhaíochtaí forfheidhmithe atá i gceist leis seo agus nach ndéantar idirdhealú sa chóras reatha ar thástálacha a dhéantar ar mhaithe le hoiliúint, taispeáint, dearbhú cáilíochta agus cúiseanna forfheidhmithe. Tá gníomhaíocht an chórais ó tugadh isteach é ar an 13 Aibreán suas go mí Dheireadh Fómhair 2017 léirithe sa tábla thíos.

**Tábla 7**

| An cineál úsáide a baineadh as an anailíseoir | Líon na dtástálacha* |
|---|---|
| Móibíleach | 729 |
| I stáisiún | 295 |
| Iomlán | 1,024 |

*Athbhreithniú ó 13 Aibreán 2017 go Deireadh Fómhair 2017 amháin

Nuair a bhailítear sreabhán béil ó thiománaí i ndiaidh do thástáil a bheith déanta agus toradh dearfach a bheith faighte ó thaobh druga nó drugaí a bheith ann, iarrann an Biúró ar an nGarda Síochána "Foirm Eolais" (féach thíos) a chur isteach chucu chun torthaí na tástála ar thaobh an bhóthair a chur in iúl. Ciallaíonn sé sin gur féidir comparáid a dhéanamh idir feidhmíocht an DT5000 agus an tástáil saotharlainne a dhéantar ina dhiaidh sin.

**INFORMATION FORM**

To be returned to Medical Bureau of Road Safety with specimen taken under the Road Traffic Act.

(1) Driver's Name: ____________________

(2) Was Evidential Breath Testing carried out? **YES / NO**

(3) Was Preliminary Drug Testing carried out? **YES / NO**

Cannabis ☐ Benzodiazepine ☐ Cocaine ☐ Opiate ☐

Please indicate positive results by ticking the relevant boxes.

San iomlán, trí na foirmeacha eolais seo, fuarthas go raibh toradh dearfach i gceist le 191 sampla in 2017, agus bhí an comhchoibhneas idir feidhmíocht an DT5000 agus tástáil saotharlainne sásúil. As an 191 sampla a rabhthas in ann iad a chur i gcomparáid le torthaí saotharlainne, bhrath an DT5000 go raibh cannabas in 123 (64%) acu, cócaon in 66 (35%) acu, codlaidínigh in 16 acu (8%) agus beinsidhé-asaipíní in 10 gcinn (5%) acu. Baineann formhór na brathadóireachta le drugaí mídhleathacha seachas codlaidínigh agus beinisdhé-asaipíní, ar féidir iad a cheannach agus/nó a fhorordú go dleathach ach ar féidir mí-úsáid a bhaint astu freisin.

## Tástáil Saotharlainne


Lean an Biúró le déanamh tástálacha ar na samplaí uile fola agus fuail a raibh níos lú ná an teorainn alcóil coibhéise fola, 80mg/100ml, iontu agus níos lú ná an teorainn alcóil coibéise fuail, 107mg/100ml, iontu. Déantar tástáil freisin ar shamplaí ina bhfuil níos mó alcóil ná an uasteorainn má iarrann Maoirseoir nó Cigire sin.

Ba é 1,592 líon na samplaí a ndearnadh anailís orthu in 2017 maidir le láithreacht druga nó drugaí. Cé go raibh formhór mór acu faoi an teorainneacha thuasluaite, bhí 22 sampla os cionn na dteorainneacha agus rinneadh tástáil orthu ar iarratas ón nGarda Síochána. Rinneadh tástáil ar chúig shampla eile i ndiaidh go ndearnadh tástáil fhianaiseach anála orthu; méadú é sin i dtaca le samplaí den chineál sin le hais 2016, nuair nach raibh ach ceann amháin acu ann.


Rinneadh buntástáil scagtha i dtaca le cannabas, cócaon, codlaidínigh, meiteadón, beinsidhé-asaipíní, amfataimíní agus meitiolamfataimíní. Rinneadh buntástáil saotharlainne freisin, mar atá luaite thuas, ar shamplaí a raibh toradh dearfach leo i dtástáil ar thaobh an bhóthair nó i stáisiún Gardaí.

As an 1,592 sampla a tástáladh, bhí toradh dearfach ann i dtaca le rang amháin drugaí ar a laghad i gcás 997 (63%) acu nuair a rinneadh réamhthástáil le haghaidh drugaí; bhí toradh diúltach ann maidir leis na drugaí a raibh an Biúró ag tástáil ina leith i gcás 595 (37%) acu. Léiríonn an chairt thíos (Cairt 11) cad iad na ndrugaí a brathadh sna samplaí uile fola agus fuail. Mar a tharla i mblianta roimhe seo, ba é cannabis an druga ba choitianta agus ba bheinisidhé-asaipíní an dara druga ba choitianta a fuarthas. Léiríonn an bharrachairt thíos (Cairt 12) na drugaí a fuarthas agus an oiread a fuarthas níos mó ná druga amháin sna samplaí fola agus sna samplaí fuail a tástáladh.

**Cairt 11**


Líon na dtorthaí dearfacha
800
700
600
500
400
300
200
100
0
752
364
331
174
55
38
99
Cannabas
Beinsidhé-asaipín
Cócaon
Codlaidíneach
Amfataimín
Meitiolamfataimín
Meatadón

**Cairt 12**




Sa chás inar brathadh sa bhuntástáil scagtha trí imdhíonmheasúnacht ELISA go raibh toradh dearfach ann, rinneadh an toradh a dheimhniú le crómatagrafaíocht gháis agus mais-speictriméadracht theaindim i gcás cannabais, agus rinneadh an toradh a dheimhniú le crómatagrafaíocht leachta agus mais-speitriméadracht theaindim i gcás na ndrugaí eile. Sna blianta beaga a chuaigh thart, níorbh fhéidir deimhniú a dhéanamh ach amháin i dtaca le druga amháin, fiú má bhí níos mó ná toradh dearfach amháin ann sa bhuntástáil; bhain sé sin le cúiseanna praiticiúla agus leis na hacmhainní a bhí ar fáil. Cuireadh na samplaí uile a fuarthas ar an 13 Aibreán 2017 agus ina dhiaidh sin ar aghaidh le deimhniú a fháil i dtaca leis na drugaí eile a brathadh nuair a rinneadh scagadh, oiread agus ab'fhéidir, bunaithe ar thoirt na samplaí. Roimhe seo, bhíodh samplaí fola agus samplaí fuail a raibh deimhniú de dhíth ina leith maidir le drugaí seachas cannabas agus beinsidhé-asaipíní á gcur go LGC sa Ríocht Aontaithe. Cuireadh deireadh leis an gcleachtas sin i mí Aibreáin 2017, áfach, mar d'fhorbair an Biúró modheolaíocht nua deimhnithe fola i dtaca leis na drugaí uile, rud a d'fhág nár ghá ach líon beag samplaí fuail a chur go LGC le haghaidh deimhnithe. Is forbairt an-tábhachtach é a bheith in ann na drugaí uile a bhraitear trí scagadh a dheimhniú mar beidh léargas níos fearr ag páirtithe leasmhara ar chaitheamh drugaí ag tiománaithe. Chuir an fhorbairt seo go mór leis an ualach oibre ó thaobh anailís deimhnithe de. Tá an méadú léirithe sna táblaí thíos. Léiríonn an chéad tábla (Tábla 8) an difear idir líon na ndeimhnithe in 2016 agus 2017 agus gur tháinig méadú 75% orthu. Léiríonn Tábla 9 an ráta deimhnithe, a áiríodh bunaithe ar líon na samplaí ar deimhníodh go raibh drugaí iontu i ndiaidh go bhfuarthas toradh dearfach ar scagadh i dtástáil saotharlainne.

**Tábla 8**

| RANGÚ AN DRUGA | 2017 | 2016 | An t-athrú mar % |
|---|---|---|---|
| Cannabas | 723 | 546 | 32% |
| Beinsidhé-asaipíní | 284 | 194 | 46% |
| Cócaon | 274 | 57 | 380%* |
| Codlaidíneach/Meatadón | 201 | 46/7 | 279%* |
| Amfataimín/Meitiolamfataimín | 62 | 16/13 | 113%* |
| Iomlán | 1,544 | 879 | 75% |

*Suas go dtí an 12 Aibreán, ní dhéantaí deimhniú ach amháin maidir le haon rang drugaí amháin; is é sin an fáth a raibh céatadán an athraithe ard in 2017.

**Tábla 9**


| RANGÚ AN DRUGA | Ráta deimhnithe |
|---|---|
| Cannabas | 93% |
| Beinsidhé-asaipíní | 95% |
| Cócaon | 94% |
| Codlaidíneach/Meatadón | 98% |
| Amfataimín/Meitiolamfataimín | 98% |

Rinneadh athbhreithniú ar na próifílí aoise agus inscne. Tá na sonraí le fáil thíos agus léiríonn siad gur bhain formhór na dtorthaí dearfacha le fir (Tábla 10) agus gur tiománaithe 16-34 bliain d'aois a bhí gafa ag na Gardaí an t-aoisghrúpa is mó a raibh drugaí caite acu (Cairt 13).

**Tábla 10**

| SONRAÍ NA dTORTHAÍ DEARFACHA DEIMHNITHE DE RÉIR INSCNE | % Fireann | % Baineann |
|---|---|---|
| Cannabas | 93 | 7 |
| Beinsidhé-aspainíní | 72 | 28 |
| Cócaon | 94 | 6 |
| Codlaidíneach/Meatadón | 72 | 28 |
| Amfataimín/Meitiolamfataimín | 97 | 3 |

**Cairt 13**




Beart eile a tugadh isteach leis an Acht um Thrácht ar Bhóithre ab ea an leibhéal *per se* cannabais, cócaoin agus hearóine i lánfhuil (féach an tábla thíos). Mar gheall air seo, b'éigean modh nua anailíse a fhorbairt agus a thabhairt isteach i dtaca le cócaon agus hearóin agus an modh cannabais a bhí ann a leasú.

**Tábla 11**

| **Druga** | **Teorainn Dhleathach** |
|---|---|
| $\Delta^9$-Teitrihidreacannaibionól (cannabas) | 1ng/ml |
| 11-nor-9-carbocsai-$\Delta^9$-theitrihidreacannaibionól (cannabas) | 5ng/ml |
| Cócaon | 10ng/ml |
| Beinsidhé-asaipín (cócaon) | 50ng/ml |
| Moirfín 6-aicéiltile (hearóin) | 5ng/ml |

Ba é 337 líon na dtiománaithe a raibh méid drugaí ina samplaí fola a bhí níos mó ná an teorainn dhleathach i dtaca le drugaí nó cothrom léi. Sna cásanna sin, tugadh teastas glas tiúchana maidir le tiúchan drugaí, rud atá tagtha isteach le deireanas, do thiománaithe in 2017.

Lean an Biúró ar aghaidh le forbairt agus feabhsú a dhéanamh ar na modhanna a bhí i bhfeidhm cheana féin agus d'fhorbair sé modhanna nua anailíse in 2017. Mar chuid de na forbairtí suntasacha sa réimse seo, chuir an Biúró gairm ar thairiscintí amach agus cheannaigh sé dhá ghléas Agilent LC-MS-MS in 2017. Tugtar ar aird gur tríd an tSeirbhís Solathair Oideachais in Ollscoil Luimnigh a eagraíodh an próiseas tairisceana agus gur bhain gníomhaireachtaí eile tairbhe as agus go mbeadh deis acu gléasanna a cheannach.

Leanadh ar aghaidh le forbairtí i dtaca leis an gCóras Bainistithe Faisnéise Saotharlainne mar chuid den Chlár Tocsaineolaíochta in 2017 chun go bhféadfaí torthaí a bhaineann le modhanna nua agus le bearta nua-achtaithe dleathacha a chlárú go leictreonach.

Glacadh le halt a scríobh foireann na rannóige Tocsaineolaíochta le haghaidh foilseachán piarmheasúnaithe, Journal of Chromatography B. 'An atmospheric pressure chemical ionization liquid chromatographic-tandem mass spectrometry method for the analysis of benzodiazepines in urine' an teideal a bhí ar an alt agus foilsíodh é in Imleabhar 1064 ar an 1 Deireadh Fómhair, 2017, leathanaigh 22-27.

# DEARBHÚ CÁILÍOCHTA

Choinnigh an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre a c hreidiúint ISO 17025 in 2017 sna réimsí seo a leanas:

* Anailís alcóil i bhfuil agus i bhfual
* Anailís drugaí
* Anailís ar thástálacha anála

Cuireadh iarratas isteach chuig Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú i mí Dheireadh Fómhair 2016 leis an raon tástálacha a leathnú chun tástáil feidhmíochta ar ghléas réamhthástala le haghaidh drugaí agus tástáil STK a chuimsiú. Bhí measúnú le déanamh ar an iarratas go luath in 2017.

Tá raon solúbtha maidir le tástálacha creidiúnaithe i bhfeidhm ag an mBiúró. Éascaíonn sé sin cur tástálacha nua drugaí le Raon Creidiúnaithe an Bhiúró agus athruithe ag an mBiúró ar mhodhanna de réir mar a bhíonn siad á bhforbairt go hinmheánach. Coinnítear máistirliosta d'athruithe a dhéantar ar an raon solúbtha mar chuid de ghnáthamh an raoin sholúbtha d'fhonn athruithe ar thástálacha creidiúnaithe a chlárú agus tástálacha creidiúnaithe sa bhreis orthu sin sa Raon Creidiúnaithe foilsithe a chur leis an raon.

Cuireadh dhá thástáil leis an gclár seo go luath in 2017:

Gléasanna GC-MS a uasghrádú go GC-MS-MS, a bhíonn in úsáid i gcainníochtú $\Delta^9$-teitrihidreacannaibionóil agus 11-nor-9-carbocsai-$\Delta^9$-theitrihidreacannaibionóil i bhfuil agus i bhfual, agus réimse cainníochtaithe $\Delta^9$-teitrihidreacannaibionóil i bhfuil a ísliú (0.5 go 35ng/ml).

Cuireadh na tástálacha seo agus leathnú an raoin le Raon Creidiúnaithe an Bhiúró i ndiaidh chuairt an Bhoird Náisiúnta um Chreidiúnú i mí Mhárta 2017. Tá sonraí iomlána an Raon Creidiúnaithe le fáil ar https://www.inab.ie/Directory of Accredited Bodies.

# Tástáil Oilteachta

Bíonn an tsaotharlann rannpháirteach i roinnt scéimeanna tástála oilteachta.

Tá sonraí na scéimeanna in 2017 le fáil in Tábla 12.

**Tábla 12**

**Cláir Tástála Oilteachta**

| Clár | Soláthróir | Scéim | Líon Samplaí | Anailítí |
|---|---|---|---|---|
| ***Toscaineolaíocht*** | CAP | Drugaí Mí-úsáide i Lánfhuil agus i bhFual | 8 sampla sa bhliain | Amfataimíní agus Spreagthaigh<br>Cannaibionóidigh<br>Cócaon agus Meitibilítí<br>Mionsuaimhneasáin<br>Támhshuanaigh neamhchodlaidíneacha<br>Codlaidínigh |
| | Labquality | Drugaí Mí-úsáide i bhFual | 6 shampla sa bhliain | Amfataimíní agus Spreagthaigh<br>Cannaibionóidigh<br>Cócaon agus Meitibilítí<br>Mionsuaimhneasáin<br>Támhshuanaigh neamhchodlaidíneacha<br>Codlaidínigh |
| | LGC Standards Proficiency Testing | Drugaí Mí-úsáide i bhFual | 12 shampla sa bhliain | Amfataimíní agus Spreagthaigh<br>Cannaibionóidigh |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | | Cócaon agus Meitibilítí<br>Mionsuaimhneasáin<br>Támhshuanaigh neamhchodlaidíneacha<br>Codlaidínigh, Créitínín |
| | LGC Standards Proficiency Testing | Tocsaineolaíocht | 8 sampla sa bhliain | Amfataimíní agus Spreagthaigh<br>Cannaibionóidigh<br>Cócaon agus Meitibilítí<br>Mionsuaimhneasáin<br>Támhshuanaigh neamhchodlaidíneacha<br>Codlaidínigh |
| | LGC Standards Proficiency Testing | Drugaí i Sreabhán Béil | 12 shampla sa bhliain | Amfataimíní agus Spreagthaigh<br>Cannaibionóidigh<br>Cócaon agus Meitibilítí<br>Mionsuaimhneasáin<br>Támhshuanaigh neamhchodlaidíneacha<br>Codlaidínigh |
| | LGC Standards Proficiency Testing | Tox – Beinisidhé-asaipíní | 8 sampla sa bhliain | Déiseapam, Nordiazepam, Teamaiseapam, Oxazepam, Niotraiseapam |
| | LGC Standards | Tox – Z – Drugaí | 8 sampla sa bhliain | Soipioclón, Zaleplon, Sóilpidéim |
| ***Alcól i bhFuil agus i bhFual*** | Labquality | Fuil | 8 sampla sa bhliain | Alcól |
| | Labquality | Fual, Cainníochtúil | 4 shampla sa bhliain | pH, Créitínín agus Úiré |
| | LGC Standards Proficiency Testing | Tox – Fuil agus Tox Fual | 24 sampla sa bhliain | Alcól |
| ***Tástáil Fhianaiseach Anála*** | CTS, Inc. | 568 Anailís ar Thuaslagán Ionsamhlóra Alcól Anála | 2 thuaslagán sa bhliain | Alcól |

# FAISNÉIS AIRGEADAIS

Faigheann an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre a chuid maoinithe trí Dheontas Bliantúil ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Dáileadh €5,074,000 ar an mBiúró le haghaidh 2017.

# RIALÚ CORPARÁIDEACH

Bíonn Bord an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre ag oibriú de réir an Chód Cleachtais maidir le Rialú Foras Stáit. Tá an Bord freagrach don Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus don Roinn Airgeadais. Bíonn an Bord ag teacht le chéile ceithre huaire sa bhliain agus tá sé freagrach as bainistiú ceart an Bhiúró. Déanann sé cinntí móra straitéiseacha, déanann sé athbhreithniú ar straitéis bainistithe rioscaí an Bhiúró agus bíonn próisis á rialú aige ar bhonn bliantúil.

## Na Comhaltaí Boird

Tá cúigear comhaltaí ar Bhord an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre (an Stiúrthóir san áireamh) agus is é/í an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt a cheapann iad.

| NA COMHALTAÍ BOIRD | | |
|---|---|---|
| **Ainm** | **Post** | **Tinreamh** |
| **An tOllamh Cecily Kelleher** | Cathaoirleach | 1 as 1 |
| **An tOllamh Denis Cusack** | Comhalta Boird agus Stiúrthóir | 4 as 4 |
| **Nicola Hayes** | Comhalta Boird | 3 as 3 |
| **Paul Burns** | Comhalta Boird | 4 as 4 |
| **Dr. Declan Bedford** | Comhalta Boird / Cathaoirleach | 4 as 4 |
| **An tOllamh Patricia Fitzpatrick** | Comhalta Boird | 1 as 1 |

## Comhaltaí an Bhiúró agus Cruinnithe

Bhí ceithre chruinniú ag an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre in 2017. Bhí na cruinnithe sin ar siúl ar an 30 Márta, 29 Meitheamh, 28 Meán Fómhair agus 7 Nollaig 2017.

**Táillí agus Costais Chomhiomlána a íocadh le Stiúrthóirí in 2017**

Íocadh na táillí seo a leanas in 2017:

| TÁILLÍ BOIRD A ÍOCADH | | |
|---|---|---|
| **Comhalta Boird** | **Cineál Táille** | **Íoctha** |
| **Paul Burns** | Táille le haghaidh comhaltaí neamhfheidhmeannacha de bhoird foras stáit | €5,985 |
| **Dr. Declan Bedford** | Táille le haghaidh comhaltaí neamhfheidhmeannacha de bhoird foras stáit<br>Táille le haghaidh Cathaoirligh ar bhord forais stáit | €1,496<br>€6,542 |

**Comhlíontacht**

Tá áthas ar an mBord a thuairisciú gur chomhlíon an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre na forálacha cuí den Chód Cleachtais maidir le Rialú Foras Stáit le linn na bliana dar críoch 31 Nollaig 2017. Rinneadh iniúchadh inmheánach.

**Riachtanais Reachtúla**

Deimhníonn an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre gur chomhlíon sé a chuid riachtanais reachtúla in 2017.

**Eitic in Oifig Phoiblí**

Ní raibh aon leas chun críocha na nAchtanna um Eitic in Oifig Phoiblí 1995 agus 2001 le tuairisciú ag na comhaltaí boird a bhí in oifig ar an 31 Nollaig 2017.

**An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca**

Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú ar na gnéithe uile a bhaineann le cúrsaí airgeadais an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre. Bíonn an Coiste ag oibriú de réir théarmaí tagartha foirmiúla. Bíonn baill den choiste ag freastal ar na cruinnithe agus cuireann siad tuairisc faoi bhráid an Bhoird ceithre huaire sa bhliain.

**Iniúchadh Seachtrach Airgeadais**

Rinne an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste an t-iniúchadh bliantúil ar Ráitis Airgeadais 2016 in 2017. Níor ardaíodh aon cheist shuntasach le linn an iniúchta.

**Iniúchóireacht Inmheánach**

Tá feidhm na hiniúchóireachta inmheánaí tábhachtach chun an Bord a chur ar an eolas faoin gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais. Bíonn an t-iniúchóir inmheánach ag obair de réir an Chód Cleachtais maidir le Rialú Foras Stáit. Ullmhaíodh tuarascáil faoin iniúchóireacht inmheánach i dtaca le 2017.

**Soláthar**

Tá sé mar pholasaí ag an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre tairiscintí iomaíocha a lorg mar chuid den phróiseas soláthair. Dearbhaíonn an Biúró gur chomhlíon sé na gnáthaimh sholáthair agus na Treoracha ábhartha de chuid an AE de réir mar atá leagtha amach sa Chód Cleachtais maidir le Rialú Foras Stáit in 2017.

**Pleanáil Straitéiseach**

Chuir an Biúró a Phlean Bliantúil Straitéiseach le haghaidh 2018 le chéile mar aon lena Phlean Straitéiseach Cúig Bliana 2018-2022; cuireadh an dá straitéis ar aghaidh chuig an Aire. Leagtar amach sna pleananna príomhchuspóirí an Bhiúró sa bhliain agus sna blianta atá romhainn mar aon leis na príomhghníomhartha a dhéanfaidh sé chun na cuspóirí sin a ghnóthú. Tá an dá straitéis le léamh ar shuíomh an Bhiúró.

**Íoc Pras Cuntas**

Aithníonn an Bord an fhreagracht atá orthu as a chinntiú go mbíonn an Biúró ag comhlíonadh an tAcht um Íoc Pras Cuntas. De réir comhaontú leis an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, is é an Coláiste a íocann soláthróirí sa chéad dul síos agus ansin faigheann sé aisíocaíocht ón mBiúró.

Tá sé mar pholasaí ag an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre a chinntiú go n-íoctar gach sonrasc go pras. Is foras de chuid na hearnála poiblí é an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus mar sin, tá ceangal air déanamh de réir na riachtanas san Acht maidir le híocaíochtaí le soláthróirí as earraí nó seirbhísí a chur ar fáil. Tá gnáthaimh dhochta i bhfeidhm aige, mar sin.

I gcás líon beag soláthróirí, eiseoidh an Biúró íocaíocht i bhfoirm seic go díreach don soláthróir. Leis na rialuithe atá ann maidir le sonraisc, le nótaí creidmheasa agus lena bheith ag plé le hagóidí soláthróirí, is féidir dearbhú réasúnta, ach ní dearbhú absalóideach, a dhéanamh nach bhfuil neamh-chomhlíonadh nithiúil an Achta ag titim amach.

**FINNÉACHT GHAIRMIÚIL**

Thar aon réimse eile sa dlí coiriúil in Éirinn, chóir a bheith, tá dlíthíocht mhór ann maidir le forfheidhmiú i dtaca le trácht agus sábháilteacht ar bhóithre, go háirithe tiomáint faoi thionchar an óil nó drugaí. Bíonn an Biúró ag tabhairt comhairle do na Cúirteanna agus bíonn eolaithe dá chuid mar shainfhinnéithe i gcásanna cúirte.

D'fhreastail baill foirne de chuid an Bhiúró ar an gcúirt 8 n-uaire in 2017.

# RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH

## An raon freagrachta

Ar son an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre, aithním an fhreagracht atá ar an mBord a chinntiú go mbíonn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh á gcoinneáil agus á oibriú. Bíonn an Cód Cleachtais maidir le Rialú Foras Stáit le comhlíonadh mar chuid den fhreagracht sin (2016).

## Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh ceaptha le riosca a bhainistiú le go mbíonn sé ar leibhéal inghlactha; níl sé ceaptha le riosca a bhaint ar fad. Dá bhrí sin, leis an gcóras seo ní féidir ach dearbhú réasúnta, agus ní dearbhú absalóideach, a dhéanamh go bhfuil sócmhainní cosanta, go bhfuil idirbhearta údaraithe agus taifeadta mar is ceart agus go gcoisctear nó go mbraitear in am agus i dtráth earráidí nó mírialtachtaí nithiúla.

Bhí an córas rialaithe inmheánaigh, atá ag teacht leis an treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm sa Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre sa bhliain suas go 31 Nollaig 2017 agus suas go dtí an dáta a faomhadh na ráitis airgeadais.

## Acmhainn chun Riosca a Láimhsiú

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ag an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre agus tá triúr de na comhaltaí boird ar an gcoiste sin. Tháinig an coiste le chéile ceithre huaire in 2017.

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí bunaithe ag an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre. Cuirtear acmhainní dóthanacha ar fáil lena haghaidh agus bíonn an clár oibre comhaontaithe leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca.

Tá polasaí um bainistiú riosca forbartha ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca ina léirítear an oiread de riosca atá sé sásta a ghlacadh agus na próisis atá i bhfeidhm chun riosca a bhainistiú. Tá sonraí ann freisin faoi róil agus freagrachtaí na mball foirne maidir le riosca. Tá an polasaí tugtha do gach ball foirne a mbítear ag súil go n-oibreoidh siad de réir pholasaithe bainistithe riosca an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre le go gcuirfidh siad na bainisteoirí ar an eolas faoi rioscaí atá ag géarú, go rialóidh siad laigí agus go nglacfaidh siad freagracht as rioscaí agus rialuithe ina réimse oibre féin.

## Creat Riosca agus Rialaithe

Tá córas rialaithe riosca curtha i bhfeidhm ag an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre chun na príomhrioscaí a aithint agus a thuairisciú, agus chun na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus chun iad a mhaolú, oiread agus is féidir, a aithint agus a thuairisciú.

Tá clár rioscaí ann a aithníonn na príomhrioscaí atá roimh an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre. Tá gach ceann acu aitheanta, measúnaithe agus grádaithe de réir a shuntasaí atá siad. Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú agus uasdátú ar an gclár ar bhonn bliantúil. Bíonn toradh na measúnuithe sin in úsáid le hacmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go mbíonn rioscaí á mbainistiú go cuí de réir leibhéil is inghlactha.

Tá sonraí ar an gclár riosca faoi rialuithe agus gníomhartha ar gá tabhairt fúthu le rioscaí a mhaolú agus leis an bhfreagracht as rialuithe a oibriú a shannadh do bhaill áirithe foirne. Dearbhaím go bhfuil na gnéithe seo a leanas i bhfeidhm i dtaca le rialú:

- tá clárú déanta ar na gnáthaimh a bhaineann leis na príomhphróisis uile ghnó,
- tá freagrachtaí airgeadais sannta do bhainisteoirí agus tá siad cuntasach ina leith,
- tá córas cuí buiséadaithe i bhfeidhm agus tá buiséad bliantúil ann a bhíonn á athbhreithniú go leanúnach ag bainisteoirí sinsearacha,
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras faisnéise agus teicneolaíochta cumarsáide a chinntiú,
- tá córais i bhfeidhm leis na sócmhainní a chosaint, agus

- tá gnáthaimh rialaithe ann maidir le deontais do ghníomhaireachtaí seachtracha a chinntíonn go bhfuil rialú dóthanach ann ar fhaomhadh deontas agus go ndéantar monatóireacht agus athbhreithniú orthu siúd a fhaigheann na deontais chun a chinntiú go mbíonn deontais á gcaitheamh ar an gcúis atá luaite leo.

## Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá gnáthaimh fhoirmiúla bunaithe le próisis rialaithe a mhonatóiriú agus nuair a bhíonn easnaimh rialaithe ann, cuirtear sin in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhartha ceartaitheacha a dhéanamh agus do bhainisteoirí agus don Bhord, nuair is cuí, in am agus i dtráth. Dearbhaím go bhfuil na córais leanúnacha mhonatóireachta seo a leanas i bhfeidhm:

- tá na príomhrioscaí agus na rialuithe gaolmhara aitheanta agus tá próisis curtha i bhfeidhm le hoibriú na bpríomhrialuithe sin a mhonatóiriú agus chun aon easnaimh atá aitheanta a thuairisciú,
- tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal sa chás ina bhfuil freagracht as bainistiú airgeadais sannta, agus
- déanann bainisteoirí sinsearacha athbhreithnithe go rialta ar fheidhmíocht thréimhsiúil agus bhliantúil agus ar thuairiscí airgeadais ina gcuirtear feidhmíocht in iúl le hais buiséid/réamhinsintí.

## Soláthar

Dearbhaím go bhfuil gnáthaimh i bhfeidhm ag an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre lena chinntiú go mbíonn na rialacha agus na treoirlínte reatha soláthair á gcomhlíonadh. Dearbhaím freisin gur chomhlíon an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre na gnáthaimh sin.

## Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht

Dearbhaím go bhfuil gnáthaimh i bhfeidhm ag an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre le héifeachtúlacht a ghnáthamh bainistithe riosca agus a ghnáthamh rialaithe a mhonatóiriú. Bíonn an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú a dhéanann an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre ar éifeachtúlacht an chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, ar threoir ón gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca, a mhaoirsíonn a chuid oibre, agus ar threoir ó bhainisteoirí sa Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

Dearbhaím go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha in 2017.

## Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh

Níor aimsíodh aon laigí sa rialú inmheánach in 2017 ar gá iad a nochtú sna ráitis airgeadais.

## Comhlíontacht ó thaobh Cánach

Tá an Lia-Bhiúró tiomanta do na dlíthe cánach a chomhlíonadh. Is amhlaidh a chomhlíon sé iad in 2017.

Thar cheann Bhord an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre:

**Dr. Declan Bedford**

**An Cathaoirleach**

## Saoráil Faisnéise

Fuair an Biúró deich n-iarratas in 2017 agus is mar seo a leanas a láimhsíodh iad:

| | |
|---|---|
| • Diúltaithe | 3 |
| • Ceadaithe i bpáirt | 2 |
| • Ceadaithe | 3 |
| • Curtha ar aghaidh chuig COBÁC | 1 |
| • Bealach an Riaracháin | 1 |
| Iomlán | **10** |

Catagóir an té a rinne iarratas:

| | |
|---|---|
| • Iriseoir | 5 |
| • An tOireachtas | 2 |
| • Eile | 3 |
| Iomlán | **10** |

## An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí


Rinne an Biúró anailís in 2017 ar pholasaithe agus ar ghnáthaimh le hullmhú faoi choinne thabhairt isteach an rialacháin nua de chuid an AE ar an 25 Bealtaine 2018.

## An Fhoireann

Bhí líon na mball foirne sa Bhiúró in 2017 de réir Chreat an Bhiúró um Rialú Fostaíochta.

Bhí athruithe foirne ann i rith na bliana sa Bhiúró i ndiaidh gur éirigh níos mó ná ball foirne amháin i réimse na heolaíochta as a bpost.

# CAIRT EAGRAÍOCHTÚIL
# AN LIA-BHIÚRÓ UM SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE



## CÚRSAÍ AGUS COMHDHÁLACHA AR FHREASTAIL BAILL FOIRNE ORTHU IN 2017

| | |
|---|---|
| **1** | Chuaigh an Speisialtóir Tacaíochta Oibríochtaí, an tOifigeach Sinsearach Teicniúil, an tOifigeach Teicniúil, beirt Chúntóirí Feidhmeannacha agus triúr Anailísithe faoi oiliúint i Scileanna Cúirte ar an 27 Eanáir 2017 sa Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre. |
| **2** | D'fhreastail an Speisialtóir Tacaíochta Oibríochtaí ar chúrsa oiliúna ríomhsholáthair a mhair dhá uair an chloig ar an 8 Feabhra 2017 in COBÁC. |
| **3** | D'fhreastail Anailísí Sinsearach ar chomhdháil aon lae: Mná COBÁC i Róil Cheannasaíochta, ar an 9 Feabhra 2017 in COBÁC. |
| **4** | D'fhreastail an tOifigeach TF ar chúrsa cúig lá, Haiceálaí Eiticiúil Deimhnithe, ón 27 Feabhra go dtí an 3 Márta 2017 in Áth an Ghainimh i mBaile Átha Cliath. |
| **5** | D'fhreastail Anailísí Sinsearach agus Anailísí ar Chruinniú Bliantúil na Ríochta Aontaithe um Thaighde Cliniciúil agus Tocsaineolaíochta Fhóiréinseach ar an 2 Márta 2017 i Londain Shasana. |
| **6** | D'fhreastail an Príomhanailísí ar chruinniú den Chomhairle Eorpach um Shábháilteacht Iompair a bhain le Tiomáint faoi Thionchar Drugaí a Chosc san Eoraip ar an 7 Márta 2017 i bParlaimint na hEorpa sa Bhruiséil. |
| **7** | D'fhreastail Anailísí agus Anailísí Sinsearach ar chomhdháil Draeger um Dhrugaí agus Alcól ar an 9-10 Márta 2016 i Manchain Shasana. |
| **8** | D'fhreastail Anailísí Sinsearach agus Anailísí ar chomhchruinniú LTG UKIAFT ar an 10 Márta 2017 i Londain Shasana. |
| **9** | D'fhreastail an Speisialtóir Tacaíochta Oibríochtaí, an tOifigeach Sinsearach Teicniúil, Cúntóir Saotharlainne, beirt Chúntóirí Feidhmeannacha agus beirt Anailísithe ar chúrsa ar Láimhsiú Sábháilte a mhair trí huaire an chloig ar an 23 Márta 2017 in COBÁC. |
| **10** | D'fhreastail Ard-Anailísí agus Anailísí Sinsearach ar chomhdháil an Chumainn Idirnáisiúnta um Thástáil Cheimiceach ón 23–28 Aibreán 2017 in Colorado Springs, SAM. |
| **11** | D'fhreastail Anailísí ar cheardlann faoi Mhéadreolaíocht TrainMiC sa Cheimic ar an 25 Aibreán 2017 i Saotharlann an Stáit, Contae Chill Dara. |
| **12** | D'fhreastail an Stiúrthóir ar chomhdháil dhá lá na Dáimhe Leighis Fhóiréinsigh agus Dhlíthiúil ar an 5-6 Bealtaine 2017 i Londain Shasana. |
| **13** | D'fhreastail Anailísí ar chruinniú de chuid UKIAFT ar an 5 Bealtaine 2017 i nDún Éideann, Albain. |
| **14** | D'fhreastail triúr Anailísithe ar chomhdháil bhliantúil Chumann Mais-Speictriméadrachta na hÉireann ar an 10 Bealtaine 2017 i mBaile Átha Cliath. |
| **15** | D'fhreastail Ard-Anailísí ar chruinniú faoi Dhrugaí agus Trácht ar Bhóithre – Pointe Cruinnithe Nordach, ar an 11 Bealtaine 2017 i Stócólm na Sualainne. |
| **16** | D'fhreastail Anailísí ar Chúrsa Alcóil Borkenstein a mhair sé lá ó 14 Bealtaine 2017 ar aghaidh in Ollscoil Indiana, SAM. |

| | |
|---|---|
| **17** | D'fhreastail Anailísí Sinsearach ar chúrsa dhá lá, Intreoir do SQL, ar an 7-8 Meitheamh in Áth an Ghainimh, Baile Átha Cliath. |
| **18** | D'fhreastail Ard-Anailísí agus Anailísí Sinsearach ar chruinniú de chuid Grúpa Úsáideoirí LIMS ar an 5 Iúil 2017 in FSI, Baile Átha Cliath. |
| **19** | D'fhreastail beirt Anailísithe Sinsearacha agus Anailísí ar chomhdháil UKIAFT in Oxford Shasana ar an 31 Lúnasa agus 1 Meán Fómhair 2017. |
| **20** | D'fhreastail an Stiúrthóir ar chruinniú de Chumann Cróinéirí na hÉireann ar an 1 Meán Fómhair 2017. |
| **21** | Chuir an Speisialtóir Tacaíochta Oibríochtaí tús le staidéar ar Theastas i Sábháilteacht agus Sláinte in COBÁC. |
| **22** | D'fhreastail Anailísí ar chúrsa Borkenstein cúig lá faoi dhrugaí ar an 9-13 Deireadh Fómhair 2017 in Austin, Texas, SAM. |
| **23** | D'fhreastail an Stiúrthóir ar chruinniú den Phainéal Comhairleach Leighis um Alcól, Drugaí agus Tiomáint, Roinn Iompair na Ríochta Aontaithe ar an 10 Deireadh Fómhair 2017 sa Roinn Iompair, Londain Shasana. |
| **24** | D'fhreastail an Bainisteoir Cáilíochta ar chúrsa trí lá, Bainistiú Saotharlainne – Ról an Bhainisteora Cháilíochta agus Bainisteoireacht Theicniúil ón 11-13 Deireadh Fómhair 2017 i Londain Shasana. |
| **25** | D'fhreastail Anailísí ar cheardlann aon lae Eurachem Ireland faoi Theicnicí Anailíse Fleiscithe ar an 19 Deireadh Fómhair 2017 i gCampas Shaotharlann Backweston, Contae Chill Dara. |
| **26** | D'fhreastail Ard-Anailísí ar Shiompóisiam Idirnáisiúnta aon lae ar Thiomáint agus an Tiománaí Lagaithe ag Drugaí i Liopsóin sa Phortaingéil ar an 23 Deireadh Fómhair 2017. |
| **27** | D'fhreastail an Príomh-Anailísí agus Ard-Anailísí ar chlár dhá lá faoi Bhainistiú Daoine in COBÁC ar an 23 Samhain agus ar an 8 Nollaig 2017. |
| **28** | D'eagraigh an Biúró dhá lá oiliúna inmheánaí in 2017 le dul i ngleic le riachtanais shonracha na foirne. Bhí saineolaithe seachtracha páirteach sna laethanta oiliúna sin agus chuir baill den Gharda Síochána agus Stiúrthóir na hOifige Ionchúiseamh Poiblí seimineáir shuimiúla, luachmhara i láthair. D'fhreastail baill foirne de chuid an Bhiúró ar chúrsaí gairide curtha ar fáil ag an Rannóg Foghlama agus Forbartha in COBÁC. Bhain cuid mhaith de na cúrsaí sin le Teicneolaíocht na Faisnéise. |

# CAITHEAMH FUINNIMH

De réir ghealltanas an Rialtais i dtaca le héifeachtúlacht fuinnimh phoiblí a fheabhsú 33% in 2020, tá an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre cláraithe ar chóras ar líne Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann agus is tríd an gcóras sin a bhíonn sé ag cur a chuid tuairiscí ar fáil. Gás agus leictreachas an dá fhoinse fuinnimh is mó a bhíonn in úsáid ag an mBiúró. Tá siad riachtanach le saotharlann fhóiréinseach agus na saoráidí coimhdeacha a oibriú, e.g. teas agus soilse, trealamh saotharlainne, láimhsiú aeir, ríomhairí agus freastalaithe.

Bíonn tionscnaimh ar siúl ag an mBiúró chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú. Bíonn Córas Bainistithe Foirgnimh in úsáid le monatóireacht agus rialú a dhéanamh ar theas, aonaid láimhsithe aeir, coire uisce (soláthar díreach uisce the) agus fean eastarraingthe. Bíonn gach ceann de na ceithre urlár in áitreabh an Bhiúró á bhainistiú go hindibhidiúil agus bíonn rialuithe uathoibríocha á sceidealú dá réir. Tá an foirgneamh feistithe le bolgáin solais atá tíosach ar fhuinneamh, braiteoirí gluaiseachta agus lascanna ama chun caitheamh fuinnimh a laghdú tuilleadh.

Bhí an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre i dteagmháil leis an Rannóg Foirgneamh agus Seirbhísí in COBÁC chun caitheamh fuinnimh a laghdú tuilleadh agus cuireadh tús le plé in 2017 idir an dá pháirtí faoi uasghrádú mór ar an soilsiú sa tsaoráid.

## Séanadh Dlí

Is cur síos agus staitisticí comhdhlúite ar mhaithe le heolas ginearálta amháin a thabhairt atá sa tuarascáil seo. Níor chóir brath orthu ina n-aonar chun cearta dlíthiúla ná cinntí eile faoi na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre a dhearbhú. Moltar do léitheoirí agus d'úsáideoirí aon eolas ar mian leo brath air a fhíorú lena gcomhairleoirí dlí.

**Professor Denis A. Cusack,**

**Director.**

**Dr. Declan Bedford,**

**Chairman.**